A chathaoirligh, a bhaill an Choiste, agus a dhaoine uaisle eile,

Is mise Maitiú Ó Coimín, tá mé i m'eagarthóir ar an iris NÓS atá lonnaithe i mBéal Feirste agus atá á foilsiú ar líne ag www.nos.ie ó bhí an 7 Eanáir 2015 ann. Roimhe seo, chaith mé beagán le cois trí bliana i m'iriseoir le Tuairisc.ie i gcontae na Gaillimhe agus roimhe sin arís i m'iriseoir ilmheáin le Nuacht RTÉ/TG4 sa gcontae céanna.

Déarfaidh mé ruainne beag faoi chúlra NÓS ar dtús agus ansin cuirfidh mé síos ar na dúshláin a bhíonn romhainn agus na héachtaí atá bainte amach againn go dtí seo.

Tá NÓS ar an bhfód, i bhfoirm éigin, ó bhí Lá Fhéile Pádraig 2008 ann – sin beagnach ceithre bliana déag ó shin anois. Ba é Tomaí Ó Conghaile, iar-iriseoir de chuid an nuachtáin *Lá* a bhunaigh an iris agus cuireadh an chéad eagrán, Eagrán 0, amach mar chomhad digiteach ar líne ar an 17 Márta 2008. Bhí NÓS ina shaorachán, sin focal de mo chuid féin le chur síos ar iris shaor in aisce a fhágtar i leabharlanna agus i mbialanna, ar feadh tamaill i mBéal Feirste agus é dírithe go príomha ar an gcathair sin, agus amantaí eile ar an gcuid eile de chúige Uladh. Bhí leagan clóite le fáil go héasca ag Gaeil Bhéal Feirste faoi dheireadh na bliana 2009. Mar is eol daoibh, tháinig deireadh leis an nuachtán *Foinse* i mí an Mheithimh 2009 agus tháinig *Gaelscéal*, a bhí lonnaithe ar an Spidéal i gCois Fharraige, ar an bhfód in earrach na bliana 2010. Go gairid ina dhiaidh sin chuaigh NÓS i gcomhar le *Gaelscéal* agus foilsíodh leagan nua den iris ina forlíonadh míosúil taobh istigh de leathanaigh *Gaelscéal*. Tháinig deireadh sách tobann le Gaelscéal in 2013 agus b'éigean do NÓS a bhealach féin a dhéanamh. Rinneadh athdhearadh ar an iris arís agus tosaíodh á foilsiú ar bhonn míosúil agus á scaipeadh i siopaí móra ar fud na hÉireann – Eason's agus a leithéid san áireamh. Faoin am sin bhí dearcadh ruainne beag níos uile-Éireann ag NÓS ach níorbh fhéidir a dhéanamh gur iris Fheirsteach go príomha a bhí inti i gcónaí.

Rinne Foras na Gaeilge athstruchtúrú ar an gcóras maoinithe a bhí ann d'fhoilseacháin Ghaeilge in 2014 agus ghnóthaigh Rua Media (máthairchomhlacht NÓS) an conradh le hiris ar líne do dhaoine óga a chur ar fáil. Ba choinníoll de chuid an chonartha sin nach gcaithfí pingin den airgead ar chur i gcló na hirise agus, ceal acmhainní eile, beartaíodh nach mbeadh ann ach an iris ar líne ón 7 Eanáir 2015 amach. Bhí Tomaí Ó Conghaile, bunaitheoir na hirise, fós ina eagarthóir an t-am sin, agus bhí Méabh Ní Thuathaláin (a bhog ar aghaidh go Tuairisc.ie níos deireanaí) ina leas-eagarthóir/iriseoir. Tairgeadh post an eagarthóra domsa i mí na Samhna 2017, agus thosaigh mé sa ról sin Lá Fhéile Bríde 2018. Tá mé ann ó shin.

Faigheann NÓS 62,000 sa mbliain agus táthar ag súil gur féidir iris ardchaighdeáin nua-aimseartha a reáchtáil ar na pinginí sin. As sin íoctar mo thuarastal-sa (28,000) íocaíochtaí na scríbhneoirí seachtracha (24,000 sa mbliain nó 2,000 sa mí), tuarastal an eagarthóra físeán Gráinne Holland

(6,000), cíos ar an oifig i mBéal Feirste (3,000) agus costaisí beaga eile anseo is ansiúd. Is é deontas Fhoras na Gaeilge an t-aon teacht isteach rialta atá againn, a íoctar uair sa ráithe. Bíonn deontais eile ar fáil ón gCiste Craoltóireachta ó thuaidh anois is arís freisin. Ó cuireadh deireadh leis an iris chlóite seacht mbliana ó shin, ní thagann aon airgead isteach ón lucht léitheoireachta agus ní bhíonn fógraí tráchtála ar an iris.

Is 'iris chultúir agus stílmhaireachtála' é NÓS a fhreastalaíonn go príomha ar dhaoine idir 18-34 bliain d'aois in Éirinn. Ní hin le rá nach mbionn daoine atá níos sine ná níos óige ná sin dár léamh ná daoine nach bhfuil in Éirinn. Tá 46% de léitheoirí NÓS san aoisghrúpa sin, tá 34% san aoisghrúpa 35-54, agus 20% san aoisghrúpa os cionn 55 bliana d'aois. Níl figiúirí ar fáil do dhaoine atá faoi bhun 18 bliana d'aois ach tá sé mar pholasaí againn gan díriú ar an aoisghrúpa sin ar chor ar bith mar gheall ar chuid den ábhar a bhíonn ar an suíomh.

Léiríonn figiúirí léitheoireachta na hirise gur sna Sé Chontae Fichead atá 54% dár léitheoirí (méadú ar an 49% a bhí ann in 2020), bhí 24% sna Stáit Aontaithe, agus 10% sa 'Ríocht Aontaithe' lena n-áirítear na Sé Chontae. Ar na tíortha eile ba mhó a bhí léitheoirí NÓS iontu anuraidh bhí Ceanada, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Astráil, an Ísiltír, agus an Iorua.

50:50 an cóimheá idir léitheoirí ban agus léitheoirí fear.

Tá ardú mór millteach tagtha ar líon na léitheoirí atá ag NÓS le cúig bliana anuas. Thug tuairim is 47,000 duine uathúil cuairt ar an suíomh in 2017, méadaíodh an líon sin go 62,000 in 2018, go 69,000 in 2019 agus chomh hard le 92,000 i mbliain mhór na paindéime 2020. Léigh 72,000 duine an iris anuraidh, laghdú ar an mbliain roimhe sin ach laghdú is féidir a thuiscint agus na srianta diana á maolú i gcaitheamh na bliana.

Murab ionann agus Tuairisc.ie ní iris laethúil muid. Is annamh a fhoilsítear ábhar ag an deireadh seachtaine agus bíonn laethanta áirithe ann i gcaitheamh na seachtaine nach mbíonn alt ann ar chúis amháin nó ar chúis eile. Mar sin féin, éiríonn linn ár sprioc 48 mír sa mí a chur amach.

Mar a dúirt mé cheana, tháinig mé féin ó chúlra nuachta agus rinne mé iarracht i mo bhlianta tosaigh le NÓS cuid den obair sin a thabhairt isteach san obair nua. Taibhsíodh dom tar éis bliana nó mar sin nach raibh na hacmhainní – airgeadais ná daonna – againn le cos a choinneáil leithéidí Tuairisc.ie, suíomhanna Gaeilge RTÉ agus TG4. D'athraigh mé an cúrsa ansin agus thug aghaidh ar chineál iriseoireachta eile, agus is colúnaithe agus gné-ailt den chuid is mó a bhíonn againn anois. Tá grúpa beag scríbhneoirí cumasacha againn a bhíonn ag scríobh go rialta do NÓS agus tá grúpa níos mó a bhíonn ag scríobh anois agus arís.

Nuair a thóg mé an stiúir ar NÓS ag tús na bliana 2018, leag mé amach romham roinnt spriocanna. Ar cheann acu sin bhí cur chun cinn óige na Gaeltachta ar ardán náisiúnta agus go deimhin idirnáisiúnta na hirise. Is dóigh liom gur éirigh liom é sin a dhéanamh le ceithre bliana anuas. San achar sin tá ailt rialta foilsithe againn le Sláine Ní Chathalláin agus Aoife Ní Chiobháin as Corca Dhuibhne, Máirtín Seoighe, Kate Scott, Aifric Ní Scolaí agus Domhnall Ó Braonáin as Conamara, agus Póilín Nic Géidigh agus Seán Ó Dubhchoin as Tír Chonaill. Tá sé i gceist agam an nasc láidir le hóige na Gaeltachta a choinneáil agus a chothú sna blianta amach romhainn freisin.

Tá muid anseo inniu le labhairt ar "conas is féidir foilsitheoireacht agus léitheoireacht nuachtán, irisí, agus tréimhseachán Gaeilge a chur chun cinn". Tá páirt nach beag imeartha ag na scríbhneoirí óga Gaeltachta thuas borradh a chur faoi léamh agus scríobh na teanga ina gceantar dúchais féin – rud atá thar a bheith tábhachtach domsa agus rud a bhfuil mé an-bhuíoch as.

Anuas ar na scríbhneoirí a luaigh mé cheana, tá gréasán scríbhneoirí againn atá lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltachta freisin agus cuid acu sin ar an gcoigríoch fiú, rud a léiríonn a thábhachtaí is atá an iris do lucht labhartha na Gaeilge ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain.

Tá ról tábhachtach ag NÓS maidir le hábhar sultmhar spreagúil a sholáthar do chainteoirí líofa Gaeilge. Cuireann muid fáilte roimh lucht foghlama na teanga an iris a léamh agus tá sleachta as an iris curtha i leabhair d'fhoghlaimeoirí ag foilsitheoirí éagsúla ach ní dhéanann muid aon leithscéal de gur ag soláthar ábhar i nGaeilge mhaith atá muid do léitheoirí líofa Gaeilge.

Tá an teicneolaíocht ag síorathrú ag na modhanna léitheoireachta ag síorathrú dá réir. Tá tarraingt mhór ag na meáin eile ar phobal na Gaeilge sa lá atá inniu ann, agus bíonn ábhair físe agus fuaime againn féin ó am go chéile, ach tá sé an-tábhachtach dúinn go bhfuil ábhar scríofa ar fáil do phobal na Gaeilge freisin.

Tá géarghá le tacaíocht agus maoiniú breise má tá na meáin scríofa Ghaeilge le cos a choinneáil leis na forbairtí nua-aimseartha seo. Is gá do na meáin a bheith tarraingteach, ábhartha agus ar ardchaighdeán, tá sé sin níos dúshlánaí fós i gcás mionteanga dála na Gaeilge.

Breathnaíonn mé féin agus lucht stiúrtha NÓS ar rud atá níos mó ná an iris féin agus cé go raibh sé deacair léitheoirí agus scríbhneoirí a thabhairt le chéile le dhá bhliain anuas, tá iarracht déanta againn ó thús a bheith i lár an aonaigh i saol na Gaeilge ar fud na hÉireann agus pobal a chruthú agus a chothú idir léitheoirí agus scríbhneoirí araon.

Na Dúshláin

Is iad na dúshláin chéanna atá romham féin, roimh Chormac, roimh Sheán Tadhg agus roimh Chathal Goan in *Comhar*. Easpa acmhainní agus easpa foirne an ceann is mó de na dúshlán sin is dóigh. Mar a luaigh mé cheana, is ar phingineacha suaracha atá NÓS ag soláthar na hirise faoi láthair, agus bhí an

iris i mbaol a briste cúpla uair i gcaitheamh na mblianta. Tá muid buíoch de Fhoras na Gaeilge as an airgead a chuireann siad ar fáil dúinn ach nuair a bhreathnaítear ar an maoiniú a chuirtí ar fáil d'fhoilseacháin eile na blianta fada ó shin – cuirim i gcás *Foinse* a fuair beagnach milliún euro sa mbliain in airgead an lae inniu – is cuid an bheagáin atá á fháil ag Tuairisc, Comhar agus NÓS anois, na trí fhoilseachán a fhaigheann maoiniú stáit. Tá síorinfheistíocht ag teastáil uainn le seirbhís mhaith rialta a chur ar fáil agus leis an gcéad ghlúin eile de scríbhneoirí agus léitheoirí Gaeilge a chruthú.

Níl ach fíorbheagán daoine sa tír a bhfuil an Ghaeilge agus na scileanna scríbhneoireachta acu ábhar a chur ar fáil dúinn. Téann an fhadhb seo siar an bealach ar fad chuig na Naíonáin Bheaga agus Móra. Tá daltaí, idir chainteoirí dúchais Gaeltachta agus glanfhoghlaimeoirí, ag teacht trí chóras oideachais ar cuma leis dáiríre faoin nGaeilge agus faoi chothú léitheoirí agus scríbhneoirí Gaeilge. Tá roinnt mhaith cúrsaí coláiste agus ollscoile ann anois a chuireann leagan éigin de chúrsa iriseoireachta nó cúrsa cumarsáide ar fáil i nGaeilge, ach feictear domsa gurb í an Ghaeilge féin an dris chosáin is mó atá roimh na scríbhneoirí óga seo. Tádar ag teacht amach as an gcóras scolaíochta gan tuiscint mhaith acu ar an nGaeilge, ar an ngramadach agus an litriú, ar na difríochtaí idir canúint agus caighgdeán, ná ar stair agus oidhreacht na scríbhneoireachta, na litríochta agus na foilsitheoireachta Gaeilge féin. Ní féidir ach méid áirithe a dhéanamh i gcúrsa trí bliana ar coláiste – caithfear an scríbhneoireacht agus léitheoireacht a chothú ag aois i bhfad Éireann níos óige ná sin – molaim an cur chuige déshruthach atá molta ag Conradh na Gaeilge ag grúpaí eile nach iad don chóras scolaíochta.

<u>Moltaí</u>

Is cóir maoiniú cuí a chur ar fáil do na meáin scríofa Ghaeilge, atá fágtha in áit na leathphinge le blianta fada anois. Is féidir forbairtí iontacha a dhéanamh ar an iriseoireacht Ghaeilge ach an maoiniú ceart a bheith ar fáil dúinn. Sna blianta amach romhainn ba mhaith le NÓS an fhoireann lánaimsearha atá againn a mhéadú agus tuilleadh scríbhneoirí seachtracha rialta a chur i mbun pinn. Iarraim ar bhaill an choiste a chur ina luí ar na heagrais stáit agus na Ranna Rialtais ábhartha a thábhachtaí is atá obair na nuachtán agus na n-irisí Gaeilge do stádas agus do bheocht na teanga in Éirinn agus thar lear agus go n-iarrfaidh sibh orthu siúd a bhfuil an sparán acu go gcuirfí maoiniú breise agus maoiniú rialta ar fáil don earnáil.

Léitheoirí ar fud an domhain
Eagrán níos rialta
Scríbhneoirí nua?

Maoiniú? Podchraoladh Béarla agus físeán YouTube Béarla.